



Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

General Certificate of Secondary Education
2012–2013

Eolaíocht Teastas Dúbailte: Bitheolaíocht

Aonad B1

Bonnsraith

[GSD11]



DÉ MÁIRT 14 BEALTAINE 2013, MAIDIN

AM

1 uair an chloig.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **seacht** gceist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 70 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figíúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist 6(a)(i).


Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	

Marc
iomlán

1 Taispeánann an léaráid linn uisce agus an ceantar thart timpeall uirthi.

Is cineál planda é ros lachan.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



Foinse: Príomhscrúdaitheoir

(a) Cad é an fhoinse fuinnimh do na horgánaigh bheo sa linn?

[1]

(b) Ainmnigh an próiseas a dhéanann an ros lachan agus na héisc a mbíonn dé-ocsaíd charbón á táirgeadh dá bharr.

[1]

(c) Ainmnigh an próiseas a dhéanann an ros lachan a mbíonn ocsaigin á táirgeadh dá bharr.

[1]

- (d) (i) Ainmnigh cineál **amháin** orgánaigh atá sa linn agus san ithir thart timpeall, a dhéanann ábhar atá ag lobhadh a dhianscaoileadh.

[1]

- (ii) Cuireann na horgánaigh seo mianraí ar ais san ithir. Is níotráit í mianra amháin acu seo.

Cad é dó a n-úsáideann plandaí níotráití?

[1]

- (iii) Ainmnigh na cealla i bplandaí a ghlacann mianraí ón ithir.

[1]

- (e) (i) Cad é an fearas a mbainfeadh daltaí úsáid as le horgánaigh as linn a shampláil?

[1]


- (ii) Luaigh toisc aibitheach **amháin** a mbeadh tionchar aici ar líon agus ar chineálacha na n-ainmhithe i linn.

[1]


Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Taispeánann an léaráid ceithre fheithid a fuair daltaí agus staidéar á dhéanamh acu ar an cheantar thart timpeall na linne.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



© Diagram of four insects sourced from Basic Biology Questions for GCSE by C & B Rouan, published by Stanley Thorne's, 1994. ISBN 0859505510



- (f) Bain úsáid as an eochair le gach ceann de na feithidí a thaispeántar sa léaráid a shainaitheint.

A _____

B _____

C _____

D _____

[2]

2 Taispeánann an tábla an cion fuinnimh sa bhia a d'ith fear don bhricfeasta.

Cineál bia	Cion fuinnimh/kJ
Bainne	280
Gránach	1500
Caife le siúcra	1680
Bagún	2090
Tósta le him	1050

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (a) (i) Ríomh an iontógáil iomlán fuinnimh a fuair an fear ón bhricfeasta seo.

_____ kJ [1]

- (ii) Is é 10 450 kJ sa lá an iontógáil fuinnimh atá molta d'fhear coitianta. Tá an cion fuinnimh i lón agus i ndinnéar an fhir thuasluaite cosúil leis an chion fuinnimh sa bhricfeasta aige.

Luaigh iarmhaint fhadtéarmach **amháin** má leanann sé den aiste bia seo.

Mínigh do fhreagra.

[2]

- (b) Tá carbaihiodrátí, saill agus próitéiní i mbainne.

- (i) Ainmnigh an tástáil a úsáidtear lena léiriú go bhfuil próitéin i mbainne.

Luaigh an dath atá ar thoradh deimhneach.

Tástáil _____

Dath _____ [2]

- (ii) Ainmnigh substaint **amháin** eile i mbainne a chuireann le haiste chothrom bia.

[1]

LEATHANACH BÁN

3 (a) Nuair a dhéanann duilleoga planda fótaisintéis táirgeann siad stáirse.

Sa liosta thíos, tugtar na céimeanna (**A–E**) a dhéantar i dtástáil stáirse ar dhuilleog i bhfiosrúchán ar fhótaisintéis, ach **níl** siad san ord cheart.

- A** Cuir tuaslagán iaidín le duilleog.
 - B** Tum an duilleog in uisce te lena déanamh bog.
 - C** Cuir an duilleog in uisce atá ar fiuchadh go ceann 1-2 nóiméad.
 - D** Cuir an duilleog in alcól atá ar fiuchadh go ceann roinnt nóiméad.
 - E** Cuir an planda faoi sholas go cionn 12 uair an chloig agus ansin bain duilleog de.
- (i) Cuir na litreacha san ord cheart le tástáil stáirse a dhéanamh.

Tá céimeanna **E** agus **A** déanta.



[2]

- (ii) Cad é an cuspóir atá le céim **D**?

_____ [1]

- (iii) Cad é an dath a thiocfaidh ar an tuaslagán iaidín nuair a chuirtear leis an duilleog é má tá stáirse sa duilleog?

_____ [1]

- (b) Cad chuige a bhfuil sé riachtanach an planda a dhístaíseáil roimh an fhiosrúchán seo a dhéanamh?

_____ [1]

- (c) Bhí garraíodóir margaidh ag iarraidh táirgeacht na leitísi aige a mhéadú trí thiúchan na dé-ocsaíde carbóin ina theach gloine a mhéadú.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Léigh sé, áfach, go dtig le tiúchan ard dé-ocsaíd carbóin dochar a dhéanamh do dhaoine. Rinne sé taighde air seo agus fuair sé an dá thábla thíos, a thug an fhaisnéis uilig dó a bhí de dhíth air.

Léiríonn an tábla thíos an dóigh a dtig le leibhéal éagsúla i dtiúchan na dé-ocsaíde carbóin tionchar a imirt ar tháirgeacht na leitísi i dteach gloine ag 35°C.

Tiúchan dé-ocsaíd carbóin i dteach gloine/csm	Táirgeacht na leitísi/%
700	100
950	100 + 25 sa bhrefis
1250	100 + 35 sa bhrefis

Léiríonn an tábla thíos an dóigh a dtig le leibhéal éagsúla i dtiúchan na dé-ocsaíde carbóin tionchar a imirt ar shláinte daoine.

Tiúchan dé-ocsaíd carbóin i dteach gloine/csm	Éifeacht ar shláinte daoine
700–999	Níl éifeacht ar bith ann
1000–1250	Seans go mbeidh meadhrán ar dhaoine nó go noctfar siomptóim ar dhaoine a bhfuil plúchadh nó riochtaí riospráide orthu

- (i) Bain úsáid as an fhaisnéis sa dá thábla leis an tiúchan dé-ocsaíd carbóin is fóirsteanaí le leitísi a fhás sa teach gloine a thabhairt. Mínigh do rogha.

Tiúchan _____ csm

Míniú _____

_____ [3]

- (ii) Luaigne toisc thimpeallachta **amháin**, seachas dé-ocsáid charbóin, a chuidíonn le fás na leitísi i dteach gloine.

[1]


Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (iii) Luaigne toisc eacnamaíoch **amháin** ar chóir don għarrāiodóir margaidh é a chur san áireamh agus é ag fás leitísi i dteach gloine.

[1]

- 4 (a) Taispeánann an léaráid cuid de na céimeanna a bhaineann le rialú leibhéal ghlúcós fola.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



- (i) Cad é mar a thaistealaíonn inslin ón phaincréas go dtí an t-ae?

_____ [1]


- (ii) Cad é mar a théann inslin i bhfeidhm ar leibhéal ghlúcós fola?

_____ [1]

- (iii) Cuir síos ar **dhá** dhóigh ina bhfreagraíonn an t-ae don inslin.

_____ [2]

- (b) Léiríonn an graf leibhéal thipiciúla den ghlúcós san fhuil a fhaightear i nduine nach bhfuil diaibéiteas air thar thréimhse lae.



Foinse: Priomhscrúdaitheoir

- (i) Úsáid an graf agus do chuid eolais féin le cad chuige a mbíonn buaiceanna ann i leibhéal ghlúcós fola le linn an lae a lua.

[1]

- (ii) Daoine a bhfuil diaibéiteas Chineál 1 orthu, b'fhéidir go mbeadh orthu instealladh insline a thabhairt dóibh féin roinnt uaireanta sa lá.

Úsáid an graf agus do chuid eolais féin le cad chuige a gcaithfidh siad instealladh insline a thabhairt dóibh féin roinnt uaireanta sa lá a lua.

[1]

- (c) Is siomptóm amháin de dhiaibéiteas é glúcós san fhual (sa mhún).

Sa tábla thíos tugtar tortaí tástálacha glúcóis a rinneadh ar shamplaí fuail a thug beirt daoine.

Ainm	Dath tosaigh	Dath deiridh
Seán	Gorm	Donnrua
Áine	Gorm	Gorm

- (i) Mínigh cad é mar a thugann na tortaí seo le fios go bhfuil diaibéiteas ar Sheán.

[1]

- (ii) Luaigh dhá shiomptóm eile atá ag baint le diaibéiteas.


1. _____

2. _____ [2]


Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- 5** Taispeánann an léaráid cad é a tharla do ghathanna solas gréine nuair a tháinig siad isteach in atmaisféar an Domhain tríocha bliain ó shin agus cúig bliana ó shin.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



tríocha bliain ó shin



cúig bliana ó shin

Foinse: Príomhscrúdaitheoir

- (a) (i) Bain úsáid as an léaráid agus as do chuid eolais féin lena mhíniú cad é mar a tharlaíonn téamh domhanda.

[2]


[2]

- (ii) Luaigh iarmhairt timpeallachta **amháin** a bhaineann le téamh domhanda

[1]

[1]

Táispeánann an graf astuithe de-ocsáid charbóin ó na cineálacha éagsúla iompair uilig sa Ríocht Aontaithe sa tréimhse 2003–2009.




© Crown copyright – Department of Energy and Climate Change

- (b) Cuir síos ar an treocht in astuithe dé-ocsáid charbóin ó na cineálacha éagsúla iompair idir 2003–2009.

Úsáid fianaise ón ghráf le tacú le do fhreagra.

[2]

Taispeánann an phícháirt céatadán na n-astuithe dé-ocsaíd charbóin ó gach ceann de na cineálacha éagsúla iompair sa RA in 2009.



- (c) Táirgeann iarnróid a dhá oiread níos mó astuithe dé-ocsaíd charbóin ná mar a dhéanann loingseoireacht.

Úsáid an fhaisnéis seo agus an phícháirt le céatadán na n-astuithe dé-ocsaíd charbóin a tháirgeann na hiarnróid a ríomh.

Taispeán do chuid oibre.

_____ % [3]

- (d) (i) Luaigh dóigh **amháin** leis na leibhéal dé-ocsaíd charbóin a bhíonn á dtáirgeadh ag iompar ar bóthar a laghdú.

_____ [1]

- (ii) Luaigh foinse **amháin** eile d'astuithe dé-ocsaíd charbóin seachas iad sin a bhíonn á dtáirgeadh ag modhanna iompair.

_____ [1]


LEATHANACH BÁN

(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)

- 6 (a) De ghnáth, faightear sú torthaí as laón torthaí. Faightear laón torthaí trí na torthaí a fháscadh. Déantar an laón a chóireáil ansin tríd an einsim peictionáis a chur leis, a bhriseann síos an pheictin i gcillbhallaí torthaí. Ligeann seo don sú torthaí a bheith scaolté níos gasta ó na cealla.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

Taispeánann an léaráid thíos cuid den fhearas a bheidh de dhíth ort.



- (i) Cuir síos ar an dóigh a ndéanfá fiosrúchán le comparáid a dhéanamh idir cé chomh gasta agus a scaoiltear sú torthaí ó laón torthaí le peictionáis **agus** gan pheictionáis.

Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, ar a n-áirítear úsáid saintearmaí eolaíochta.

- (ii) Luagh toisc **amháin** eile is féidir a fhiosrú lena fháil amach an scooilfear níos mó sú torthaí ón laón torthaí mar gheall air.

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

- (iii) Bíonn peictionáis á húsáid ag déantóirí sú torthaí ar bhonn tráchtála. Luagh úsáid tráchtála **amháin** eile atá ag einsími.

[1]

- (b) (i) Brostaíonn einsími díleá sa chorp. Comhlánaigh an léaráid trí ainm na heinsíme cuí a chur isteach agus **tarraing** na tárgí a dhéantar nuair a dhianscaoiltear an móilín próitíeine seo sa chóras díleáite.

Móilín próitíeine



Ainm na heinsíme

Tárgí

[3]

- (ii) Cá háit sa chóras díleáite a dtarlaíonn díleá próiténí?

 agus

 [2]

- (iii) Cá háit sa chóras díleáite a dtarlaíonn ionsú bia díleáite?

 [1]

- (iv) Luagh dóigh **amháin** a bhfuil an córas díleáite oriúnaithe don ionsú.

 [1]

7 (a) Úsáid an fhaisnéis thíos leis an bhia-eangach a chomhlánú.

- Itheann froganna agus seabhaic cuiteoga (péisteanna talaimh).
- Itheann seabhaic froganna.
- Itheann damhán alla feithidí agus ansin itheann seabhaic na damhán alla.
- Itheann feithidí plandaí.
- Itheann cuiteoga plandaí.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

froganna

feithidí

[4]

- (b) Úsáid an fhianaise i gcuid (**a**) ar an leathanach roimhe seo le pirimid lipéadaithe uimhreacha a tharraingt don bhiashlabhra a bhfuil feithidí ann.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc

[3]

- (c) Luaigh dhá dhóigh a gcailleann feithidí fuinneamh.

1. _____

2. _____

[2]

- (d) Luaigh buntáiste **amháin** don seabhac as roinnt foinsí bia a bheith aige.

_____ [1]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.